



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA

STAIR - ARDLEIBHÉAL

RÉIMSE STAIDÉIR: AN LUATHAOIS, 1492 - 1815

Scrúdú scríofa: 400 marc

Tuarascáil ar an Staidéar Taighde, seolta isteach roimh ré: 100 marc

PÁIPÉAR SCRÚDAITHE SAMPLACH

Treoracha d'iarrthóirí :

Freagair Roinn 1, 2 agus 3 istigh.

- **Roinn 1 (100 marc)**
Measúnacht doiciméad-bhunaithe (Éire: Topaic 2)
Freagair gach cuid den roinn seo.
- **Roinn 2 (100 marc)**
Éire: Topaicí 1, 3, 4, 5, 6
Freagair ceist amháin as topaic amháin.
- **Roinn 3 (200 marc)**
An Eoraip agus an domhan mór: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair ceist amháin as dhá thopaic araon.

ROINN 1: MEASÚNACHT DOICIMÉAD-BHUNAITHE

Éire: Topaic 2

Éirí Amach agus concas in Éire Eilís, 1558-1603

Cás staidéir lena mbaineann na doiciméid:

Gairm chléireachais Meiler Magrath

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1.
 - (a) I ndoiciméad A, cad iad na fáthanna atá tugtha ag Magrath dá rogha de dheoise an Dúin agus Choinire?
 - (b) I ndoiciméad A, cén fhianaise atá ann nár Chaitliceach é Magrath an tráth a bhí an doiciméad á scríobh?
 - (c) I ndoiciméad B, cén fáth a deir an scríbhneoir i dtaobh Magrath “go slogfar é sna lasracha síoraí”?

(20)

2.
 - (a) Cé acu doiciméad, A nó B, is mó a bhaineann úsáid as friotal ionsaitheach? Míniú do fhreagra, agus tagairt á dhéanamh agat don dá dhoiciméad.
 - (b) I ndoiciméad A, an bhfuil míniú le fáil sna tuairimí atá nochtaithe i ndoiciméad B ar dhoicheall Magrath maireachtáil in aon cheantar nach bhfuil faoi smacht Shasana? Míniú do fhreagra, agus tagairt á dhéanamh agat don dá dhoiciméad.

(20)

3.
 - (a) Cé acu pointí i ndoiciméad A a thugann leid shoiléir don staraí maidir le cumhacht na Banríona in Éirinn?
 - (b) An foinse iontaofa d’fhianaise stairiúil é an dán aoir ar nós doiciméid B? Míniú do fhreagra.

(20)

4. Cad iad na cúinsí polaitiúla agus reiligiúnacha a bhí in Éirinn a spreag a oiread sin den cháineadh ar Mheiler Magrath?

(40)

- Doiciméad A -

Aistriúchán ar shliocht as litir ó Mheiler Magrath chuig an Rí-Chomhairle ag iarraidh ar an mBanríon Eilís é a cheapadh mar Easpag in Éirinn

Tar éis a bheith dóchasach le linn géibhinn fhada, is beag dá fhonn atá orm anois an Rí-Chomhairle cháiliúil a fhágail gan scéala faoi chéard atá romham. Mar sin, iarraim oraibh, a thiarnaí uaisle, an mbeadh sibh sásta a rá liom cén cinneadh atá tógtha ag a Mórgacht (Banríon Eilís) fúm: an mbeidh mé mar easpag aici ar dheoise an Dúin agus Choinire nó ar dheoise eile in Éirinn?

Impím uirthi, a Mórgacht, a rogha deoise a bhronnadh orm, ach go mbeidh sé ina cheantar atá dílis dá riail, mar níl sé ag teastáil uaim maireachtáil leis na hÉireannaigh fiáine, atá gan smacht, gan dlí, mar a bhí thart orm agus mé ag fás aníos.

Ba mhaith liom a chur ar bhur súile, don Bhanríon agus do bhur Soilsí, go bhfuil an deoise Chorcaigh agus Cluana gan easpag le fada an lá agus a rá go mbeinn breá sásta a bheith ceaptha ann, sé sin mura fhaighim arais Dún agus Coinire. Bheadh mo shean-deoise, áit a bheadh sé níos mó ar mo chumas a bheith faoi réir na Banríona, bheadh sé i bhfad níos sásúla dom. Is ann atá neart cairde agus gaolta liom. Agus, chomh maith leis sin, bheinn in ann labhairt amach go poiblí agus an teagasc ceart a fhógairt, gan faitíos a bheith orm roimh mhanach nó phápaire ar bith.

- Doiciméad B -

Sliocht as dán le Eoghan Ó Dubhthaigh ag magadh faoi Mheiler Magrath

A Mhaoil gan chreideamh, a Mhaoil gan Dia,
A Mhaoil gan Íosa is sia neart,
Rachair síos go lasair ghéir
's do bhean féin ar leath-láimh.

An bráthair bocht nach maith reacht,
Maol Mhuire Mág Craith i gclí
Nó go ngéille sé do Dhia
Dorn ar gach giall don daoi.

ROINN 2: ÉIRE

Freagair ceist amháin as ceann amháin de na topaicí thíos.

Éire: Topaic 1

Leasú agus Reifirméisean in Éire Thúdarach, 1494-1558

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fath ar éirigh Tomás an tSíoda amach in aghaidh na Corónach agus cad iad na torthaí a bhí ar an Éirí Amach? (100)
2. Cén dul chun cinn a bhí déanta ag an Reifirméisean in Éirinn faoin am a fuair Éadbhard VI bás i 1553? (100)
3. Cén chaoi ar éirigh le polasaithe polaitiúla agus reiligiúnacha Bhanríon Máire Thúdarach in Éirinn, 1553 – 1558? (100)
4. Cén staid ina raibh cultúr na nGael in Éirinn sa chéad leath den séú haois déag? (100)

Éire: Topaic 3

Ríocht in aghaidh coilíneachta - an streachailt don lámh in uachtar in Éirinn, 1603-1660

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth a raibh rath ar pholasaí plandála na Corónach i gcás Phlandáil Uladh? (100)
2. Cé chomh mór is a bhí an bhliain 1641 ina clochmhíle i stair an tseachtú haois déag in Éirinn? (100)
3. Cén fáth ar éirigh leis an bhFrith-Reifirméisean Caitliceach dul chun cinn suntasach a dhéanamh in Éirinn? (100)
4. Cad iad na torthaí eacnamaíocha agus sóisialta a bhí ar phlandáil Chromail? (100)

Éire: Topaic 4

Cinsealachta coilíneachta a bhunú, 1660-1715

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na príomhchoinníollacha a bhain le Conradh Luimnigh agus cé chomh mór is a briseadh na coinníollacha ina dhiaidh sin? (100)
2. Cad iad na bealaí a raibh leasríochais Iarla Oirmhumhan difriúil ó leasríochas Iarla Thír Chonaill? (100)
3. Le linn na tréimhse, 1660 – 1715, cén fáth ar fhás an trádáil in ainneoin na srianta oifigiúla ar ghluaiseacht earraí? (100)
4. Cén fáth ar tháinig meath ar chóras na mBard Gaelach sna blianta roimh 1715? (100)

Éire: Topaic 5

Coilíneacht in aghaidh ríochta - teannais in Éire lár an ochtú haois déag, 1715-1770

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na láidreachtaí agus na laigí a bhain le córas riaracháin an rialtais láir den “Náisiún Protastúnach” sa tréimhse go dtí 1770? (100)
2. Cad iad na príomhthréithe a bhain le sochaí na tuaithe in Éirinn sa tréimhse, 1715 – 1770? (100)
3. Cén fath a raibh míshuaimehnas forleathan faoin tuath in Éirinn sa tréimhse, 1715 – 1770? (100)
4. Cé chomh mór is a mhaolaigh na péindlithe faoin mbliain 1770? (100)

Éire: Topaic 6

Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Déan scrúdú ar chineál agus ar ghné réigiúnach Éirí Amach 1798. (100)
2. Cad iad na toscaí a bhain le glacadh Acht an Aontais agus cén chaoi ar cuireadh an tAcht i bhfeidhm? (100)
3. Cén fáth, agus cé chomh mór is a d’fhás Béal Feirste ina tábhacht sa tréimhse, 1770 – 1815? (100)
4. Sa tréimhse 1770 – 1815, cé chomh mór is a bhí tionchar ag an gcultúr Seoirseach ar cheann amháin nó níos mó de na réimsí seo: ailtireacht, ealaín, litríocht agus léann? (100)

ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR
Freagair ceist amháin as gach ceann de dhá thopaic thíos.

An Eoraip agus an Domhan Mór
An Eoraip ón Athbheochan go dtí an Reifirméisean, 1492-1567

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh mór is a bhí éifeacht ag fionnachtain an Domhain Nua ar pholaitíocht agus ar eacnamaíocht na Spáinne? (100)
2. Cad iad na ceisteanna a bhí in uachtar sa choimhlint in aghaidh na dTurcach agus cén fáth ar mhair an chomhlint sin chomh fada? (100)
3. Conas a d'fhás achrann Luther leis an bPápa ina ghluaiseacht ar fud na tíre a raibh gnéithe polaitiúla agus reiligiúnacha araon ag baint léi? (100)
4. Cén réasúnaíocht a bhí mar bhun le réimeas Calvin agus cén cineál réimis a bhí ann, sa Ghinéiv? (100)

An Eoraip agus an Domhan Mór: Topaic 2
Creideamh agus cumhacht: polaitíocht sa séú haois déag dhéanach, 1567 –1609

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na héifeachtaí a bhí ag riail Philip II ar an Spáinn? (100)
2. Cad iad na fáthanna agus na hiarmhairtí a bhí ag an ngéarchéim eacnamaíochta sa séú haois déag san Eoraip? (100)
3. Cé chomh mór is a bhain athbheochan an Chaitliceachais le cinní Chomhairle Trento agus le hobair na nÍosánach? (100)
4. Sa tréimhse, 1567 –1609, cad iad na forbairtí suntasacha a tharla i gceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: clódoireacht; litríocht an phobail; réalteolaíocht? (100)

An Eoraip agus an Domhan Mór: Topaic 3
Éiclips na sean-Eorpa, 1609-1660

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na dúshláin inmheánacha agus sheachtracha a bhí ann do stát na Spáinne sa tréimhse, 1609 – 1660? (100)
2. Cad iad na fáthanna a bhí leis na hathruithe eacnamaíochta a tharla san Eoraip sa tréimhse, 1609 – 1660? (100)
3. Cén bunús a bhí leis an gcoimhlint idir Galileo agus an Eaglais Chaitliceach? (100)
4. Sa tréimhse, 1609 – 1660, cad iad na forbairtí suntasacha a tharla i gceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: ceol; ealaín; diagacht? (100)

An Eoraip agus an Domhan Mór: Topaic 4
An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660 – 1715

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén cinéal saoil pholaitiúil agus shóisialta a bhí á chaitheamh ag cúirt Louis XIV i Versailles? (100)
2. Cad iad na tosca faoi deara athbhunú mhonarcacht na Stíobhardach sa Bhreatain agus faoi deara titim na monarcachta sin faoi cheann fiche bliain? (100)
3. Cé chomh mór is a bhí tionchar na baincéireachta agus forbairt an mhargadh airgid i saol eacnamaíochta na hEorpa sa tréimhse, 1660 – 1715? (100)
4. Sa tréimhse, 1660 – 1715, cad iad na ceisteanna reiligiúnacha a tháinig chun cinn i dtír amháin nó níos mó díobh seo a leanas: Sasana; an Fhrainc; an Rúis? (100)

An Eoraip agus an Domhan Mór: Topaic 5
Impireachtaí a bhunú, 1715 – 1775

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh mór is a d'éirigh airm na hEorpa níos proifisiúnta agus níos éifeachtúla sa tréimhse, 1715 – 1775? (100)
2. Cén fáth ar éirigh coilíneachtaí Mheiriceá amach in aghaidh riail na Breataine agus cad iad na himpleachtaí a bhí ag an éirí amach sin do na coilíneachtaí agus don Bhreatain? (100)
3. Cad iad na láidreachtaí agus na laigí a bhain le marsantachas agus cén fáth ar ghéill sé don chaipitleachas *laissez-faire*? (100)
4. Cad iad na hidéanna polaitiúla, sóisialta agus eacnamaíochta a bhain leis an Eagnaíocht? (100)

An Eoraip agus an Domhan Mór: Topaic 6
Impireachtaí faoi Réabhlóid, 1775 – 1815

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na fáthanna a bhain leis an réabhlóid a thosaigh sa bhFrainc i 1789? (100)
2. Cad iad na ceisteanna a bhí in uachtar i gcogaí réabhlóideacha na hEorpa, 1792 – 1799? (100)
3. Cé chomh mór is a léirigh fás Mhanchain na fadhbanna agus na deiseanna a bhain leis an bhfás tionsclaíoch, 1775 – 1815? (100)
4. Cén fáth a raibh an caidreamh stáit-eaglasta chomh hachrannach sa bhFrainc agus san Eoraip faoi Napoléon? (100)

Leathanach Bán